


Cupán Tae



Tháinig Aintín Máire **ar cuairt**. Rinne mé cupán tae di. Fuair mé an **citeal leictreach**. Líon mé an citeal le huisce. Chuir mé isteach **an phlocóid**. D'fhan mé ar feadh tamaill. Nuair a bhí an t-uisce **beirithe**, scól mé an **taephota**. Chuir mé dhá spúnóg tae sa taephota. Chuir mé an t-uisce beirithe isteach ann. D'fhan mé go ceann cúpla nóiméad. Ansin fuair mé dhá chupán. Dhoirt mé amach an tae. **Chuireamar** bainne agus siúcra isteach ann. D'ólamar an tae. Thaitin sé go mór linn.

Foclóir:

cuairt, visit

citeal leictreach, electric kettle

plocóid, plug

scól mé, I scalded

dhoirt mé, I poured

A. Líon isteach na bearnaí:

ci—eal, an phlo—óid, tae—hota, nói—éad, dho—rt mé,
chuirea—ar, d'ólam—r, thai—in sé.

B. Líon isteach na bearnaí:

1. Tháinig Aintín Máire ar —.
2. Líon mé an citeal le —.
3. D'fhan mé go — tamaill.
4. Scól mé an —.
5. Fuair mé dhá —.

C. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cé a tháinig ar cuairt?
— Uncail Liam.
— Aintín Máire.
— Mamaí.
2. Cad a chuir mé isteach sa chiteal?
— bainne.
— oráiste.
— uisce.
3. Céard a chuireamar isteach sa tae?
— arán agus im.
— bainne agus siúcra.
— uisce.

D. Freagair na ceisteanna:

1. Cé a rinne cupán tae?
2. Cathain ar scól mé an taephota?
3. Conas a chuir mé an tae isteach sa taephota?
4. Cad a chuir mé isteach sna cupáin?
5. Ar thaitin an tae linn?
6. Ar ólamar líomanáid?

Gramadach 15

- (i) **Foghlaím:**
- | | |
|--------|-------|
| uaim | uainn |
| uait | uaibh |
| uaidh | uathu |
| uaithi | |

Líon isteach na bearnaí:

Sampla: Bhí Daidí sa bhaile. Fuair mé airgead **uaidh**.

1. Bhí Mamaí sa bhaile. Fuair mé airgead —.
2. Bhí Seán agus Tomás sa bhaile. Fuair mé airgead —.
3. Bhí Máire agus tú féin sa bhaile. Fuair mé airgead —.

(ii) Líon isteach na bearnaí:

Sampla: Fuair Tomás camán agus thaitin sé go mór **leis**.

1. Fuaireamar madra agus thaitin sé go mór —.
2. Fuair Úna bainne agus thaitin sé go mór —.
3. Fuair Tomás agus Seán oráiste agus thaitin sé go mór —.